

An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn: Iúil 2013 - Meán Fómhair 2014

An Roinn Oideachas agus Scileanna

Le bliain anuas, lean an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) ag comhlíonadh na gealluintí a leagadh síos ina plean forfheidhmithe faoin Straitéis. Tá achoimre thíos ar an dul chun cinn a rinneadh le bliain anuas faoi roinnt ceannteideal:

1. Oideachas Gaeltachta

- Tá tús curtha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le hathbhreithniú ar oideachas sa Ghaeltacht agus é mar aidhm acu roghanna a shainaithint do sholáthar oideachais i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna i limistéir Ghaeltachta a bhfuil próifílí teangeolaíochta éagsúla acu, chomh maith le soiléiriú a dhéanamh ar bheartas na Roinne maidir le teagasc trí Ghaeilge i scoileanna den sórt sin. San athbhreithniú, féachfar freisin ar thionchar an tsoláthair réamhscoile ar an oideachas bunscoile i limistéir Ghaeltachta. Ina theannta sin, sainaitheofar san athbhreithniú bearta le tacú le cleachtas na múinteoirí, bearta a theastódh chun an teagasc trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta a fheabhsú. Comhlánóidh an t-athbhreithniú seo cur i ngníomh Acht na Gaeltachta 2012.
- Déanfar an t-athbhreithniú ar bhonn comhairliúcháin agus beidh an Grúpa Ardleibhéil a bunaíodh faoin Straitéis 20 Bliain páirteach – sa ghrúpa seo, tá ROS, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (REOG), Foras na Gaeilge, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus Údarás na Gaeltachta. Tá ROS ag comhoibriú le REOG agus le hÚdarás na Gaeltachta i gcaitheamh an athbhreithnithe seo.
- Tá a lán snáitheanna san athbhreithniú, lena n-áirítear anailís ar an soláthar don oideachas réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile i limistéir Ghaeltachta agus anailís ar an éileamh air sin, athbhreithniú ar an taighde sa tír seo, athbhreithniú ar an taighde agus ar an mbeartas i ndlínsí eile, cás-staidéir i sampla de scoileanna agus suirbhéanna ar pháirtithe leasmhara.

Seo mar atá an dul chun cinn go dtí seo:

- **Anailís ar an soláthar agus ar an éileamh:** Tá obair leanúnach ar siúl idir ROS agus REOG agus páirtithe eile ar nós Údarás na Gaeltachta i ndáil le sonraí a

bhailiú agus a mhapáil ó bhunachair sonraí ábhartha go dtí na limistéir pleanála teanga nua atá sainaitheanta faoi Acht na Gaeltachta. Críochnófar an taifead agus anailís ar na sonraí a luaithe agus a fhaigheann an ROS na sonraí ábhartha uile.

- ***Athbhreithniú ar an taighde sa tír seo:*** Tá an anailís seo déanta taobh istigh de ROS agus tá dréacht-tuarascáil ullmhaithe. Leanfar den obair chun an tuarascáil a thabhairt chun críche sna míonna amach romhainn.
- ***Athbhreithniú ar an taighde, ar an mbeartas agus ar an gcleachtas i ndlínsí eile:*** Díríodh sa taighde sin ar an litríocht ábhartha, ar na beartais náisiúnta agus ar na cleachtais i ndlínsí eile ar féidir iad a chur i gcomparáid leis na limistéir Ghaeltachta ó thaobh na sochttheangeolaíochta de, mar shampla, an Chatalóin, an Bhreatain Bheag, an Bhreatnais sa Bhreatain Bheag, an Bhascáis agus an Chatalóinis sa Spáinn, an Fhreaslainnis san Ísiltír, Gaeilge na hAlban, an Mhaorais sa Nua-Shéalainn. Tá an taighde coimisiúnaithe ag COGG thar ceann ROS. Tá an taighde déanta ag buíon taighdeoirí ó Choláiste Phádraig. Tá dréacht den tuairisc ullmhaithe. Déanfaidh an tAire staidéar ar an tuairisc nuair a thabharfar chun críche í agus foilseofar ansin í.
- ***Suirbhéanna ar na príomhpháirtithe leasmhara:*** Sna suirbhéanna ar líne ar pháirtithe leasmhara, díreofar ar bhearta polasaí agus ar réitigh a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le soláthar oideachas réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile sa Ghaeltacht.

Tá plé ar bun maidir le socruithe i dtaobh suirbhé a dhéanamh ar sholáthar an oideachas ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile.

- ***Cás-staidéir:*** Tá cás-staidéir ar an gcleachtas trí mheán na Gaeilge déanta ag an gcigireacht i sampla de bhunscoileanna (8) agus d'iar-bhunscoileanna (5) i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh. Rinneadh triail phíolótach i mbunscoil agus in iar-bhunscoil i mí an Mhárta ar na huirlisí a bheadh le húsáid sna cás-staidéir.
- ***Tuarascáil deiridh:*** Soláthrófar tuarascáil ar gach ceann de na snáitheanna agus bainfead leas as an eolas ó na tuarascálacha sin sa tuarascáil deiridh. Táthar ag súil leis go mbeidh an tuarascáil ar an athbhreithniú curtha faoi bhráid an Aire faoi dheireadh 2014.

2. Forbairtí curaclaim bhunscoile

2.1 Curaclam teanga nua

- Tá an ghníomhaíocht ó thaobh curaclaim de ag leibhéal na bunscoile dírithe ar churaclam teanga comhtháite a fhorbairt. Leagfar amach go soiléir sa churaclam

seo na torthaí foghlama a bhainfidh scoláirí amach ag céimeanna éagsúla dá gcuid bunscolaíochta. Déanfar idirdhealú idir torthaí foghlama sa Ghaeilge agus torthaí foghlama sa Bhéarla i gcás scoileanna lán-Bhéarla agus scoileanna lán-Ghaeilge araon. Tá dréacht de na torthaí foghlama do naíonáin go dtí rang a dó ar fáil faoi láthair le haghaidh comhairliúcháin agus beidh sé ar fáil go dtí 11 Iúil 2014. Tá sé curtha in iúl ag CNCM go bhfoilseofar an curaclam teanga do na ranganna sin go luath in 2015.

- Thug an Roinn le fios i dtosach go gcuirfí tús leis an gcuraclam teanga nua i ranganna na naíonán amháin sa bhliain 2015. Le faomhadh an Aire, tá cinneadh déanta anois nach gcuirfear tús leis an gcuraclam teanga go dtí Meán Fómhair 2016, tráth a gcuirfear an curaclam i bhfeidhm i ngach rang ó naíonáin go dtí rang a dó. Ba chóir go gcabhródh seo leis an gcuraclam a sheachadadh ar bhealach níos éifeachtúla agus go bhféadfaí an curaclam teanga a chur i ngníomh ar bhonn lánscoile. An clár nua teanga don Ghaeilge i scoileanna Béarla atá á chomhfhorbairt ag COGG agus CNCM, is dócha go mbeidh sé sin ar fáil freisin faoi Mheán Fómhair 2016. Toisc nach mbeidh tús á chur leis an gcuraclam nua go dtí 2016, beidh níos mó ama ag múinteoirí chun leas a bhaint as na tacaí agus as an ngníomhaíocht FGL (forbairt ghairmiúil leanúnach) a theastaíonn le dul i dtaithe ar an gcuraclam.

2.2 Páirt-tumadh/Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha

- Leagtar béim sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge ar an bpáirt-tumadh a chur i ngníomh i ngach bunscoil. Moltar sa churaclam bunscoile atá ann faoi láthair roinnt ábhar nó gnéithe d'ábhair a mhúineadh trí mheán na Gaeilge ach is annamh a dhéantar é sin i scoileanna. Tá iarrtha ar CNCM comhairle a thabhairt maidir le páirt-tumadh, nó Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT), mar chuid den obair atá ar bun acu chun curaclam teanga a fhorbairt ag leibhéal na bunscoile. I gcomhar leis an CNCM, tá tionscnamh á chur i bhfeidhm faoi láthair ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí le seacht scoil atá ag múineadh na n-amharcealaíon trí mheán na Gaeilge. Is iad na haidhmeanna a bhaineann leis an tionscnamh ná:
 - sraith ceachtanna a chur ar fáil do mhúinteoirí lena chur ar a gcumas FCÁT a chur i bhfeidhm ina gcuid seomraí ranga
 - tacaíocht leanúnach a bheith ar fáil do na múinteoirí atá bainteach le FCÁT
 - feabhsúchán i dteanga chumarsáideach na bpáistí a chur chun cinn agus féinmhuinín na múinteoirí a fhorbairt ar mhaithe leis an teanga a úsáid le linn an teagaisc sa seomra ranga

Cuirfidh sé sin bonn eolais faoin machnamh ar an gcaoi a bhféadfaí leas a bhaint as FCÁT chun tacú le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna i gcomhthéacs an churaclaim nua.

2.3 Clár Gaeilge do scoileanna Béarla

- Tá cuireadh tugtha do CNCM agus do COGG comhaighneacht a dhéanamh chuig ROS maidir le clár Gaeilge a fhorbairt a thacóidh le cur i ngníomh an churaclaim nua don Ghaeilge i scoileanna Béarla. Tá sé comhaontaithe ag COGG agus CNCM go ndéanfaidh COGG athbhreithniú ar na cláir atá ar an margadh cheana féin agus go n-ullmhófar an comhthogra i bhfianaise an athbhreithnithe sin. Tá súil le plean oibre le haghaidh chur i ngníomh an togra ó COGG faoi Mheán Fómhair 2014.

2.4 Digiú Séideán Sí

- Tá pleananna faoi lán seoil chun na hábhair léitheoireachta le haghaidh Séideán Sí, atá ar fáil i bhfoirm cruachóipe faoi láthair, a dhigiú. Is é Séideán Sí an clár Gaeilge comhtháite atá saindeartha chun tacú le teagasc na Gaeilge i nGaelscoileanna agus i mbunscoileanna Gaeltachta. Cuirfear suíomh gréasáin ar leith ar fáil lena aghaidh seo, áit a mbeidh fáil ag múinteoirí agus ag foghlaimoirí ar na hábhair dhigitithe. Is comhpháirtíocht chomhoibríoch í seo. Is iad Foras na Gaeilge agus CCEA i dTuaisceart Éireann na príomh-chomhpháirtithe agus tá cúnaimh á thabhairt ag ROS, COGG agus dreamanna eile.

2.5 Curaclam na bunscoile a leagan amach

- Tá ROS ag glacadh céimeanna chun a bpolasaí ar an tumoideachas i mbunscoileanna a shoiléiriú. Tá sé beartaithe acu curaclam na bunscoile a leagan amach chomh luath agus is féidir agus socrúithe a dhéanamh le go mbeifear in ann tréimhse tumoideachais sa Ghaeilge a chur i ngníomh i mbunscoileanna lán-Ghaeilge. Faoi na socrúithe sin, beifear in ann teagasc an Bhéarla i scoileanna lán-Ghaeilge a chur siar go deireadh an chéad téarma de na naíonáin shinsearacha, ag brath ar fhaomhadh ó bhord bainistíochta na scoile agus tar éis dul i gcomhairle leis an bpátrún, leis na múinteoirí agus le cumann na dtuismitheoirí. Faoin socrú seo, beidh a ndóthain solúbthachta ag scoileanna chun an tumoideachas a chur i bhfeidhm agus tuiscint acu fós ar chúinsí a bhaineann le comhthéacs na scoile sin agus ar riachtanais na ndaltaí.

Tá an obair tosaithe ar dhréachtú na hionstraime rialála chun curaclam na bunscoile a leagan amach. Táthar ag súil leis go ngabhfaidh an ionstraim trí na próisis reachtaíochta chuí i rith na scoilbhliana 2014/2015.

3. Forbairtí curaclaim iarbhunscoile

3.1 An tSraith Shóisearach nua - sonrúchan iomlán

- An phríomhfhorbairt ó thaobh curaclaim de ag leibhéal na hiar-bhunscoile ná forbairt sonrúcháin nua don Ghaeilge mar chuid de na hathruithe ar an tSraith Shóisearach. Foilsíodh páipéar cúlra chun críocha comhairliúcháin (Samhain 2013 – Eanáir 2014). Cuirfidh an páipéar sin bonn eolais faoi fhorbairt na sonraíochta nua. Beidh an sonrúchán nua críochnaithe agus réidh le haghaidh comhairliúcháin faoi dheireadh 2014. Déanfar soláthar sa sonrúchán nua do mheasúnú ar an teanga labhartha – léiríonn sé sin tiomantas na Roinne d'fhorbairt inniúlacht na bhfoghlaimoirí sa teanga labhartha go háirithe.

3.2 An tSraith Shóisearach nua - gearrchúrsa

- Ar iarratas ó ROS, déanfaidh CNCM obair thosaigh i gcaitheamh 2014 ar chúrsa gearr a fhorbairt, cúrsa a shásóidh sainriachtanais na scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge. Tabharfaidh an cúrsa gearr nua sa Ghaeilge deis do scoláirí plé le gnéithe ar leith d'fhoghlaim na Gaeilge trí shúil eile, mar shampla, gnéithe a bhaineann le litríocht.

4. Measúnacht

4.1 Tástáil chaighdeánaithe

- Tá trialacha caighdeánaithe sa léitheoireacht Ghaeilge ar fáil anois ón bhForas Taighde ar Oideachas le riar ag gach bunscoil (Rang 2, Rang 4 agus Rang 6). Tá úsáid trialacha den sórt sin roghnach i scoileanna Béarla ach éigeantach ag deireadh rang a dó, rang a ceathair agus rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge. Tá sé de cheangal ar gach scoil lán-Ghaeilge torthaí na dtrialacha sin a thuairisciú do na tuismitheoirí agus do bhord bainistíochta na scoile. Tá sé de cheangal ar gach scoil freisin torthaí na measúnuithe a thuairisciú do ROS agus iad ag úsáid saoráid ar líne.
- In earrach na bliana 2018, cuirfear tús le tástáil chaighdeánaithe mar chuid den tSraith Shóisearach nua. Ní mór cinntí a dhéanamh i ndáil le forbairt trialacha caighdeánaithe den sórt sin.

4.2 An Ghaeilge Labhartha sa Teastas Sóisearach reatha

- Ón mbliain 2010 i leith, tá athruithe déanta ar dháileadh na marcanna sna codanna éagsúla de scrúduithe Gaeilge an Teastais Shóisearaigh. An toradh a bhí ar na hathruithe sin ná gur tháinig méadú ar riar na marcanna a ghabhann leis an gcuid labhartha roghnach, ó 20% go 40%. Dá bharr sin, tháinig méadú suntasach ar líon na n-iarrthóirí agus ar líon na scoileanna a ghlac páirt sa Bhéaltrial Roghnach Ghaeilge ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh sa bhliain 2010 agus tháinig méadú suntasach eile air sin sa bhliain 2013 tráth a ndearna níos mó ná 10,000 an scrúdú. Is iad a múinteoirí féin a dhéanann measúnú ar na scoláirí.

Rinne 10,486 iarrthóir an bhéaltrial roghnach sa bhliain 2013, sin i gcomparáid le 7,388 iarrthóir sa bhliain 2012 (méadú de 3,098 iarrthóir). Bhí an bhéaltrial roghnach ar fáil in 24 scoil sa bhliain 2009, in 54 scoil sa bhliain 2010, in 94 scoil sa bhliain 2011, in 155 scoil sa bhliain 2012 agus in 194 scoil sa bhliain 2013.

4.3 Athbhreithniú ar Bhéaltrial na Gaeilge san Ardeistiméireacht

- Sa bhliain 2012, athraíodh na socruithe measúnaithe don Ardeistiméireacht agus, dá bharr sin, tháinig méadú ar riar na marcanna a ghabhann leis an mbéaltrial ó 25% go 40%. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag CNCM ar an tionchar a bhí ag na socruithe measúnaithe athraithe sin i bhfianaise a bhfuil le rá ag scoláirí a rinne an Ardeistiméireacht sa bhliain 2014 le hais na scoláirí a chuaigh faoi scrúdú sa bhliain 2011. Tá súil le dréacht-tuarascáil ar an athbhreithniú sin faoi dheireadh 2014.
- Cuirfidh an t-athbhreithniú ó CNCM san áireamh an méid a fuarthas amach in athbhreithniú ar an tionchar a bhí ag na socruithe measúnaithe don Ardeistiméireacht, athbhreithniú a choimisiúnaigh COGG agus a foilsíodh sa bhliain 2013.

5. Soláthar do scoileanna lán-Ghaeilge

5.1 Scoileanna nua

- De réir fhógra an Aire sa bhliain 2011, as 20 éigin bunscoil nua atá le bunú sa tréimhse go dtí 2015, tá ceithre cinn le hainmniú chun bheith ina scoileanna lán-Ghaeilge. Scoileanna lán-Ghaeilge a bheidh i dtrí cinn de na 17 n-iar-bhunscoil atá le bunú sa tréimhse go dtí 2014.

Bunaíodh seacht mbunscoil nua sa bhliain 2012 agus scoil lán-Ghaeilge a bhí i gceann amháin acu sin; bunaíodh seacht scoil nua sa bhliain 2013 agus scoil lán-Ghaeilge a bhí i dtrí cinn acu sin.

Bunaíodh dhá Ghaelcholáiste nua ag leibhéal na hiar-bhunscoile sa bhliain 2014 – Baile Brigín agus Baile an tSaoir/Dún Droma.

Tá Gaelcholáiste nua amháin le bunú ag leibhéal na hiar-bhunscoile sa bhliain 2015 – Carraig Uí Leighin.

5.2 Soláthar bunscoile

- Ag leibhéal na bunscoile, is ar bhonn toisca déimeagrafacha, éileamh ó thuismitheoirí agus iarratais ar phátrúnacht ó phatrúin fhéideartha a dhéanfar cinneadh maidir leis an ngá le gaelscoil i limistéir ina bhfuil an daonra ag fás. I limistéir ina bhfuil an daonra ag fanacht seasta, éascóidh ROS dídhílsiú scoileanna Béarla atá ann cheana féin go dtí pátrúin nua, iad siúd a bhunóidh gaelscoil san áireamh. Rogha eile a bhfuil sé i gceist ag ROS í a fhiosrú ná coincheap na scoile satailíte, áit a roinneann aonad lán-Ghaeilge foirgneamh le scoil lán-Bhéarla ach go mbíonn sé á bhainistiú ag máthairscoil lán-Ghaeilge atá lonnaithe in áit eile.

5.3 Soláthar iarbhunscoile

- Tá ROS meáite ar oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil ag leibhéal na hiar-bhunscoile, ag cur dhá rud san áireamh – éileamh a bheith ar sholáthar den sórt sin sa limistéar agus acmhainní a bheith ar fáil. Leanfaidh an Roinn de bheith ag sainaitheint limistéar ina bhfuil gá le scoil lán-Ghaeilge nua neamhspleách, de réir tairseach éilimh (i.e. 400 scoláire), líon atá cuid mhaith níos ísle ná an líon coibhéiseach do scoileanna lán-Bhéarla (i.e. idir 800 agus 1,000 scoláire). I limistéir nach mbaineann an t-éileamh ar oideachas trí mheán na Gaeilge an tairseach sin amach iontu, cuirtear san áireamh roghanna eile ar nós aonaid lán-Ghaeilge agus sruthanna lán-Ghaeilge a bheith ceangailte le scoil lán-Bhéarla. A mhéad agus a bheidh scoláirí tumtha sa Ghaeilge in aonaid agus i sruthanna, beidh sé sin ag brath ar thosca éagsúla a bhfuil baint acu lena chéile, m.sh. tacaíocht ó bhainistíocht na haoischoile, leibhéal an éilimh ar theagasc trí mheán na Gaeilge sa scoil, planáil na scoile uile agus na socrúithe atá i bhfeidhm maidir le hacmhainní teagaisc a leithdháileadh.

6. Oideachas do mhúinteoirí

- Leanann an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí de bheith ag tacú le múinteoirí chun curaclaim Ghaeilge a sheachadadh ag leibhéal na bunscoile agus leibhéal na hiar-bhunscoile araon. Leagtar béim ar leith ar thacaíocht sa scoil agus ar ábhar a sholáthar ar líne. Cuirtear réimse imeachtaí forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ábhartha ar fáil (seimineáir agus ceardlanna) bunaithe ar thosaíochtaí oideachais náisiúnta. Áirítear leo seo seimineáir don fhéinmheastóireacht scoile agus don Nascmhúinteoir do scoileanna lán-Ghaeilge

agus réimse ceardlanna a chuimsíonn cruinneas, tuiscint agus an léitheoireacht. Ina theannta seo, eagraíodh an Tionól Teagaisc mar ócáid do mhúinteoirí. Ag an mbunleibhéal, tá tionscadal thuaidh/theas a bhfuil Gaelscoileanna páirteach ann ar siúl i gcónaí. Mar seo a leanas a bhí an tinreamh ag imeachtaí FGL in 2013/14:

- **Inseirbhís - FGL Bunscoile:** FGL sa Ghaeilge - 79 múinteoir; Féinmheastóireacht Scoile trí Ghaeilge – 146 múinteoir
 - **Inseirbhís FGL Iarbhunscoile:** FGL sa Ghaeilge - 334 múinteoir, Tionól Teagaisc – 223 múinteoir; Féinmheastóireacht Scoile as Gaeilge – 49 múinteoir
 - **Ceardlanna:** 160 bunmhúinteoir; 184 iarbhunmhúinteoir
 - **Tacaíocht inscoile:** 1,437 bunmhúinteoir agus 1064 iarbhunmhúinteoir
-
- Táthar ag súil go gcuirfear tús le FGL i gcomhthéacs sonrúchán nua na Sraithe Sóisearaí don Ghaeilge in 2015, bliain chun tosaigh ar thabhairt isteach an tsonrúcháin sna scoileanna. Déanfar idirdhealú mar is cóir ar ábhar an FGL do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna lán-Bhéarla.
 - I mí Feabhra 2013, choimisiúnaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta suirbhé ar líne ar roinnt gnéithe de na critéir iontrála le haghaidh cláir Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí (OTM). San áireamh, bhí moladh go n-ardófaí an riachtanas iontrála sa Ghaeilge ó C3 ag an Ardleibhéal go B ag an Ardleibhéal. Ní fhéadfaí tátal cinnte a bhaint as torthaí an tsuirbhé sin trí chéile. Mar achoimre, cé gur chuir formhór na ndaoine a thug freagra ar an suirbhé in iúl go raibh siad sásta leis na critéir iontrála trí chéile, chuir tromlach in iúl freisin go raibh siad míshásta le gach ceann de na riachtanais le haghaidh na Matamaitice, an Bhéarla agus na Gaeilge. Bhraith an Chomhairle nár thug sé sin bonn ceart ar a bhféadfaí comhairle a fhorbairt don Aire. Dá réir sin, choimisiúnaigh siad taighde leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ar an ábhar. Tá an taighde seo fós ar siúl agus tá tuarascáil le cur faoi bhráid na Comhairle roimh dheireadh na bliana. Tá sé i gceist ag an gComhairle go mbeadh comhairle ar fáil sa chéad ráithe den bhliain 2015.
 - Tá suim léirithe ag Coláiste Oideachais amháin ar a laghad maidir le cúrsaí OTM a chur ar fáil trí Ghaeilge go hiomlán ag leibhéal na bunscoile. Níl an plé ach ina thús. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, tá Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag iarraidh cur le líon na mac léinn (40 faoi láthair) ar a gclár OTM a mhúintear trí mheán na Gaeilge. Tacaíonn an Roinn i bpríonsabal lena leithéid de thograí; agus iniúchadh á dhéanamh ar indéantacht na dtograí, ní mór aon tionchair iarmhartacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist a chur san áireamh, ar nós acmhainní agus soláthar múinteoirí.

- Tá fad curtha leis an oideachas tosaigh do mhúinteoirí. Cuimsíonn sé sin tréimhse níos faide sa Ghaeltacht (méadaithe ó thréimhse amháin trí seachtaine go dhá thréimhse coicíse). Chomh maith leis na leasaithe ata déanta don tréimhse sa Ghaeltacht, tá soláthar don Ghaeilge neartaithe i gcoitinne mar chuid den athstruchtúirí iomlan atá déanta ar chláir oideachais tosaigh do mhúinteoirí.
- I gcaitheamh na bliana 2013, bhí ROS ag plé le REOG agus leis an gComhairle Mhúinteoireachta lena chinntiú go mbeadh creat níos comhtháite ann chun tacú le cur i ngníomh na tréimhse sa Ghaeltacht do mhúinteoirí faoi oiliúint. Tá comhshíollabas forbartha ag na soláthraithe OTM atá le húsáid ag gach dream a sholáthraíonn cúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht do mhúinteoirí faoi oiliúint. Ina theannta sin, tá an Chomhairle Mhúinteoireachta sásta comhoibriú le soláthraithe cúrsa a chuirfeadh soláthar idirdhealaithe ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint a bhfuil Gaeilge den scoth acu, mic léinn atá ina gcónaí i limistéar Gaeltachta san áireamh.

7. COGG

- Ó mhí Iúil 2013, tá COGG comhlonnaithe leis an CNCM. Dá bharr seo, tá ar chumas CNCM agus COGG comhoibriú le chéile ionas gur féidir curaclaim agus ábhair don Ghaeilge a fhorbairt i bpáirt le chéile. Sampla de seo is ea an chomhaighneacht ar chlár Gaeilge a fhorbairt do scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla a d'iarr an Roinn ar an CNCM agus COGG a dhéanamh.
- Tá COGG ag tabhairt tacaíochta don ROS i bhfeidhmiú líon áirithe snáitheanna den athbhreithniú ar Oideachas Gaeltachta atá idir lámha ag ROS. Tá COGG tar éis athbhreithniú ar obair thaighde a choimisiúnú a bhaineann le beartais náisiúnta agus cleachtas mar atá i ndlínsí eile atá inchomparáide le limistéir Ghaeltachta. Tá tús curtha ag COGG chomh maith le socrúithe a dhéanamh chun suirbhé ar líne leis na páirtithe leasmhara a fhorbairt ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal.
- De réir an tsainchúraim atá air, leanann COGG air maidir le:
 - soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú. Sholáthraigh COGG raon d'áiseanna in 2013. Beidh maoiniú á dhéanamh ag COGG ar 30 iarratas maidir le forbairt áiseanna in 2014.
 - seirbhísí taca a chur ar fáil do scoileanna trí mheán na Gaeilge. Mar shampla, tá spárántachtaí á soláthar ag COGG do mhic léinn atá cláraithe ar an M. Oid. san Oideachas lán-Ghaeilge - tá an chéad cohort mac léinn ar tí an cúrsa seo a chríochnú.
 - maoiniú a dhéanamh ar cháipéisí taighde agus iad a fhoilsiú.

8. Eile

8.1 Díolúintí ón nGaeilge

- Tá tús curtha ag an Roinn le hathbhreithniú ar dhíolúintí ón nGaeilge. Déanfaidh an taighde:
 - Sonraí a fháil amach maidir leis an líon agus na treochtaí i soláthar díolúintí agus maidir leis an mbonn ar ar iarradh, ar tugadh agus ar diúltaíodh díolúintí ag leibhéal scoile.
 - Scrúdú a dhéanamh ar phatrún na n-achomharc, lena n-áirítear an líon a iarradh, an líon a tugadh agus an líon a diúltaíodh.
 - Scrúdú a dhéanamh ar na roghanna curaclaim (teangacha eile san áireamh) a bhí ag daltaí/scoláirí ar tugadh díolúintí dóibh agus scrúdú a dhéanamh ar na torthaí a fuair siad ina gcuid scrúduithe, le fáil amach cén tionchar (má bhí aon tionchar i gceist) a bhí ag díolúintí ar na daltaí/scoláirí sin.
- Beidh roinnt snáitheanna san athbhreithniú: anailís ar shonraí atá ag an Roinn, machnamh ar a bhfuil faighte amach ó thaighde seachtrach ábhartha, agus cás-staidéir i sampla beag de scoileanna. Cuirfidh eolas ó na snáitheanna sin bonn faoi sholáthar tuarascála ar na socrúithe atá ann faoi láthair le haghaidh díolúintí agus cuirfidh sé bonn faoi mholtaí le haghaidh socrúithe amach anseo. Ag teacht as an tuarascáil, ullmhófar dréachtchiorclán nua agus tabharfar cothrom le dáta na treoirlínte a tugadh do thuismitheoirí. Eiseofar iad sin le haghaidh comhairliúcháin agus, chuige sin, tionólfar cruinniú de na príomh-chomhpháirtithe chun an bealach chun cinn is fearr a dhéanamh amach.
- Tá tús curtha leis an anailís ar na sonraí atá ag an Roinn agus beidh sí críochnaithe faoi mhí na Samhna 2014. Déanfar na cás-staidéir ag deireadh mhí Mheán Fomhair/tús mhí Dheireadh Fómhair, bunaithe ar an bhfoghlaim ón triail phíolótach ar uirlisí in dhá scoil. Tá na trialacha píolótacha críochnaithe. Cuirfear tuarascáil faoi bhráid an Aire go luath sa bhliain 2015.

9. Beartas don Ghaeilge sa tSeirbhís Phoiblí

- Tá réimse gealltanais i Scéim Ghaeilge 2013-2016 na Roinne maidir le leibhéal inghlactha seirbhíse trí Ghaeilge a sholáthar. Is ceanglas de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla é go gcuireann Ranna Rialtais cáipéisí a leagann amach tograí

beartais phoiblí, tuarascálacha bliantúla, ráitis straitéise, agus ábhar a meastar go bhfuil mórthábhacht phoiblí ag baint leis, ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla (agus is é seo an cleachtas reatha). Ina theannta sin, tá uimhir theileafóin thiomnaithe curtha ar fáil ar bhonn píolótach le haghaidh ceisteanna i nGaeilge. Is é cuspóir na seirbhíse seo ná céad phointe teagmhála i nGaeilge a chur ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge. Cuireann Aonad Oiliúna agus Forbartha Foirne na Roinne oiliúint chuí sa Ghaeilge ar fáil le go mbeidh an fhoireann ar fad in ann riachtanais tosaíochta ghnó a chomhlíonadh.

- Aithníonn an Roinn go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh líon áirithe foirne sa Roinn atá líofa sa teanga agus in ann seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. Sa chomhthéacs sin, chuir an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais in iúl go dteastódh Síceolaithe Oideachais dátheangacha uathu ina suíomhanna réigiúnacha áirithe agus chuir siad oiliúint ar fáil dá síceolaithe le linn an tsamhraidh. I gcomhréir le beartas an Rialtais, aithneofar i scéimeanna teanga de chuid na Roinne amach anseo faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla na poist/réimsí lena mbaineann riachtanas inniúlachta sa Ghaeilge.
- Leanfaidh an Chigireacht de bheith ag feabhsú na seirbhíse cigireachta dátheangaí atá á soláthar aici cheana féin agus de bheith ag feabhsú a cumais le seirbhís trí Ghaeilge a sheachadadh. Le linn 2013, thug an Chigireacht cuairteanna tacaíochta trí Ghaeilge ar scoileanna le haghaidh féin-mheastacháin i dtuairim is ceithre chúigiú de bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna Gaeltachta nó lán-Ghaeilge. Rinne an Chigireacht iniúchadh i dtuairim is aon chúigiú de bhunscoileanna Gaeltachta nó lán-Ghaeilge agus i dtuairim is dhá thrian d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta nó lán-Ghaeilge. Leanann an Chigireacht ar aghaidh ag ceapadh cigirí ag leibhéal an ghráid earcaíochta d'fhonn leanúint le seirbhís a sholáthar i nGaeilge agus í a fheabhsú. Mar chuid dá Forbairt Leanúnach Gairmiúil, leanann an Chigireacht uirthi ag cur le cumas a foirne seirbhísí iniúchta a chur ar fáil i nGaeilge. Soláthraítear cúrsaí tumoideachais gach bliain sa Ghaeltacht chomh maith le cúrsaí teanga a reáchtáiltear in áit lárnach agus a dhíríonn ar chumarsáid bheacht agus éifeachtach i nGaeilge a fhorbairt. Gach bliain idir 2011 agus 2014, d'fhreastail suas le haon trian de na cigirí ar chúrsaí Gaeilge a ceapadh chun tacú le forbairt a gcumas cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge agus iniúchtaí a dhéanamh trí Ghaeilge.